# 05 Próiseas Cruinnithe BCC

**Stair na nAthruithe**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Doiciméid** | **Próiseas Cruinnithe BCC** |
| **Dáta an Chruthaithe** | **15 Aibreán 2024** |
| **Úinéir an Doiciméid** | **Rúnaíocht BCC** |

**Rialú Leaganacha**

| Dáta an Chuir in Eagar | Uimh. an Leagain (tar éis cur in eagar) | Eagarthóir | Cur Síos ar an Athrú, e.g., uimhir leathanaigh na n-athruithe a rinneadh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 1. Faisnéis Ghinearálta

i. Faigheann BCC tacaíocht ó chomhrúnaíocht de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Is é ról na rúnaíochta ná tacú le BCC agus é ag seoladh a ghnó, mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha. Áirítear leis sin na nithe seo a leanas a bhainistiú:
   a. an próiseas iarratais tosaigh ag na soláthraithe cúrsa le haghaidh ceadú ó BCC,
   b. clár a athchur isteach le haghaidh athbhreithniú,
   c. athbhreithniú ar leasú cláir ar chlár arna cheadú ag BCC,
   d. próiseas um athbhreithniú ar chur chun feidhme le haghaidh clár arna cheadú ag BCC,
   e. Seiceálacha fíorúcháin ar chláir arna gceadú ag BCC, agus,
   f. athbhreithneoirí saineolacha le haghaidh gach próisis.

ii. Ceanglaítear leis an gcóram le haghaidh gach cruinnithe de BCC, mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha, go mbeadh cúigear comhaltaí i láthair.

iii. Ní cheadaítear d'aon ionadaithe malartacha freastal ar chruinnithe in ionad ainmní.

iv. Cinneann BCC a sceideal agus amchlár cruinnithe féin (féach pointe 1 thíos).

v. Tabharfaidh BCC fógra i dtaobh a sceidil cruinnithe do sholáthraithe cúrsa agus socróidh sé a spriocdhátaí féin do sholáthraithe cúrsa chun cláir a chur isteach le haghaidh athbhreithniú.

## 2. Próiseas agus Riarachán

i. Tagann an Bord le chéile thart ar cheithre huaire sa bhliain agus féadfar cruinnithe breise a sceidealú de réir mar a mheasann an Bord iad a bheith riachtanach agus de réir mar a chomhaontaíonn an Bord iad.

ii. Comhaontaíonn na comhaltaí agus Rúnaíocht BCC an sceideal bliantúil cruinnithe i dtús gach bliana.
iii. Cinnfidh an Bord dáta agus am na gcruinnithe agus an seolfar iad i bpearsa nó ar líne.
iv. Eiseoidh Rúnaíocht BCC cuirí féilire chuig comhaltaí BCC.
v. Déanfaidh Rúnaíocht BCC agus an Cathaoirleach cláir oibre cruinnithe a chinneadh agus a cheadú.
vi. Scaiptear doiciméid cruinnithe ar an mBord seacht lá ar a laghad roimh an gcruinniú.
vii. Déanann an Cathaoirleach agus Rúnaíocht BCC sleamhnáin cruinnithe a chumadh agus a chomhaontú roimh gach cruinniú.
viii. Ullmhaíonn an Rúnaíocht miontuairiscí cruinnithe agus scaiptear iad ar chomhaltaí roimh an gcéad chruinniú eile de chuid an Bhoird, agus iarrfar ar an mBord i scríbhinn nó ó bhéal ag an gcruinniú leasuithe a dhéanamh ar na miontuairiscí. Athscaipfear athruithe ar mhiontuairiscí ar an mBord lena gceadú deiridh le ríomhphost.
ix. Comhaontaíonn na comhaltaí na miontuairiscí cruinnithe ag an gcéad chruinniú eile, tar éis iad a bheith scaipthe go leictreonach le haghaidh athbhreithniú agus barúlacha. Tá moltóir agus cuiditheoir ag miontuairiscí cruinnithe sula nglacfar go foirmiúil leo.